

16 Pleanáil do leathnú na scéime béilí scoile te

16.1 Tá an Roinn Oideachais agus Óige (an Roinn) freagrach as bonneagar oideachais bunscoile agus iar-bhunscoile a phleanáil agus a sholáthar. Tá aonad pleanála agus tógála na Roinne (PBU) freagrach as riachtanais chóiríochta scoile a shainiú, as tosaíochtaí a leagan síos maidir le leithdháileadh acmhainní agus as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na glár caipitil scoile.

16.2 Foilsíonn an Roinn réamh-mheastacháin náisiúnta ar líon na ndaltaí atá cláraithe i scoileanna. Tugadh le fios san fhoilseachán is déanaí uaithi (Nollaig 2025) gur shroich líon na ndaltaí atá cláraithe i mbunscoileanna buaic de 567,772 sa scoilbhliain 2018/2019, agus go meastar go sroichfidh líon na ndaltaí atá cláraithe in iar-bhunscoileanna buaic de 429,350 sa scoilbhliain 2025/2026.^{1,2} Faoi 2030/2031, meastar go dtitfidh líon na ndaltaí atá cláraithe i mbunscoileanna go dtí thart ar 521,000, agus go dtitfidh líon na ndaltaí atá cláraithe in iar-bhunscoileanna go dtí thart ar 410,000.^{3,4}

16.3 Tá baint dhíreach ag athruithe ar líon na ndaltaí atá cláraithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna le hathruithe ar dhaonraí dhobharcheantair na scoileanna. Is féidir le forbairt chónaithe agus imirce isteach brú a chur ar líon na n-áiteanna scoile atá ar fáil i limistéir áirithe, fiú agus líon na ndaltaí atá cláraithe i limistéir eile ag laghdú. Tugtar faoi deara i réamh-mheastacháin mhí na Nollag 2025 go bhféadfadh sé nach mbeadh treochtaí rollaithe ar an leibhéal áitiúil ag teacht leis na treochtaí náisiúnta.

16.4 Úsáideann an Roinn samhail réamh-mheastacháin dhéimeagrafaigh atá bunaithe ar Chóras Faisnéise Geografaí (GIS) chun bonn eolais a chur faoina pleanáil do sholáthar áiteanna scoile.⁵ Tacáíonn GIS le hanailís dhéimeagrafach agus le réamhaisnéisiú an éilimh ar áiteanna scoile amach anseo. Bíonn cinntí maidir le tionscadail chaipitil scoile a shainiú, lena n-áireamh i bpíblíne bonneagair chaipitil na Roinne agus le tosaíocht a thabhairt dóibh bunaithe ar phróiseas pleanála níos leithne. Cuirtear tosca eile san áireamh sa phróiseas seo, lena n-áirítear faisnéis a fhaightear go díreach ó scoileanna agus riocht na cóiríochta atá ann cheana.

16.5 Is réimse suntasach den chaiteachas poiblí é bonneagar scoile. Tá méadú suntasach tagtha ar chaiteachas caipitil na Roinne le blianta beaga anuas. B'ionann an caiteachas caipitil iomlán le linn na tréimhse ó 2021 go 2025 agus os cionn €6 billiún.⁶ Áirítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) leithdháileadh €7.55 billiún do bhonneagar caipitil san earnáil oideachais do na blianta 2026 go 2030. Áirítear leis seo €1.6 billiún do gach ceann de na blianta 2026 agus 2027.

Rudaí a ndírítear orthu sa scrúdú seo

16.6 Rinneadh an scrúdú seo chun tuiscint a fháil ar an gcóras atá i bhfeidhm ag an Roinn chun riachtanais áiteanna scoile a réamh-mheas agus chun measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanacht; cuireann an córas sin bonn eolais faoi thosaíochtaí a leagan síos maidir leis na limistéir ina soláthrófar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nua chun freastal ar an éileamh.

¹ [Réamh-mheastacháin náisiúnta ar líon na ndaltaí atá cláraithe go lánaímseartha](#) (ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal — ó 2025/2026 go 2044/2045). Go ginearálta, ní áirítear sna réamh-mheastacháin ach scoileanna a fhaigheann maoiniú ón Stát. Foilsíodh an tsraith réamh-mheastachán roimhe seo i mí an Mhárta 2024.

² Glactar leis sna réamh-mheastacháin náisiúnta go leanfaidh na treochtaí le déanaí i dtorthúlacht agus in imirce ar aghaidh. Cuirtear réamh-mheastacháin i láthair le haghaidh trí chás imirce.

³ Tá na réamh-mheastacháin seo bunaithe ar an gcás a mheasann an Roinn is dóichí a thiocfaidh chun cinn don bhliain rollaithe 2030/2031.

⁴ Meastar go leanfaidh líon na ndaltaí atá cláraithe i mbunscoileanna ag titim go dtí 2040/2041, agus go leanfaidh líon na ndaltaí atá cláraithe in iar-bhunscoileanna ag titim go dtí 2044/2045 ar a laghad.

⁵ Tugtar 'GIS' nó 'an tsamhail atá bunaithe ar GIS' go ginearálta ar an tsamhail réamh-mheastacháin dhéimeagrafaigh atá bunaithe ar GIS ar fud na tuarascála seo.

⁶ Tagraíonn sé seo do chaiteachas caipitil faoi fho-cheannteideal A.15, bonneagar bunscoile agus iar-bhunscoile, faoi Vóta 26 Oideachas agus Óige.

- 16.7** Chuir an fhoireann scrúdúcháin agallaimh ar oifigigh na Roinne, rinne sí athbhreithniú ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil agus rinne sí athbhreithnithe céim ar chéim ar phríomhphróisis phleanála scoile. Rinne an fhoireann tástáil freisin ar shampla de shé limistéar pleanála scoile (SPAnna) chun tuiscint a fháil ar oibriú na samhla atá bunaithe ar GIS agus ar na próisis phleanála scoile a bhaineann léi.⁷

An Córas Faisnéise Geagrafaí

- 16.8** Chun anailís a dhéanamh ar an éileamh ar áiteanna scoile agus chun pleanáil don éileamh sin ar an leibhéal áitiúil, tá an tír roinnte ag an Roinn ina 314 limistéar pleanála scoile. Táirgeann samhail na Roinne atá bunaithe ar GIS réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha bhliantúla ar líon na ndaltaí a bheidh cláraithe, chun an t-éileamh ar áiteanna bunscoile agus iar-bhunscoile laistigh de gach limistéar pleanála scoile a mheas.^{8,9}

- 16.9** Tá na réamh-mheastacháin seo bunaithe ar na hionchuir seo a leanas:

- sonraí ó fhoinsí lena n-áirítear sonraí daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO), sonraí rollaithe ó bhunachar sonraí bunscoile ar líne (POD) agus ó bhunachar sonraí iar-bhunscoile ar líne (PPOD) na Roinne, agus sonraí maidir le Sochar Linbh a sholáthraíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)
- roinnt toimhdí lena n-áirítear rátaí torthúlachta agus mortlaíochta réamh-mheasta (bunaithe ar shonraí CSO), agus rátaí athfhreastail daltaí agus aistrithe idir scoileanna poiblí agus príobháideacha (bunaithe ar shonraí rollaithe).

- 16.10** Déanann an Roinn (trína haonad pleanála agus tógála) na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha ar líon na ndaltaí a bheidh cláraithe, atá bunaithe ar GIS, a fhorlíonadh le hanailís áitiúil bhreise, chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le hacmhainn scoileanna atá ann cheana, treochtaí rollaithe agus forbairtí áitiúla (féach Fíor 16.1).¹⁰ Tugtar Fíor 16.2 forléargas sa léaráid ar an bpróiseas pleanála don éileamh ar áiteanna scoile atá ag teacht chun cinn.

7 Is limistéir gheografacha ainmnithe iad limistéir phleanála scoile a úsáideann an Roinn chun anailís a dhéanamh ar shonraí déimeagrafacha agus chun brúnna a bheidh ar acmhainn scoileanna amach anseo laistigh de gach limistéar a shainaithint.

8 Is í rannóg staidrimh na Roinne a oibríonn GIS.

9 Roinneann an rannóg staidrimh na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha ar líon na ndaltaí a bheidh cláraithe, a tháirgtear le GIS, le haonad pleanála agus tógála na Roinne (PBU) trí Microsoft SharePoint. Glacann an t-aonad pleanála agus tógála freagracht as an bhfaisnéis nuair a aistrítear chuige í.

10 Tugtar tuilleadh sonraí faoi gach tacar sonraí in larscríbhinn 16A.


Fíor 16.1 Sonraí a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil don éileamh ar áiteanna scoile atá ag teacht chun cinn

Sonraí	Foinse:	Samhail atá bunaithe ar GIS ^a	Anailís áitiúil ^a	Cuspóir
Faisnéis daonáirimh	An Phríomh-Oifig Staidrimh	✓	✓	Réamh-mheastacháin daonra Seiceáil réasúntachta ar shonraí rollaithe Sonraí áitíochta
Faisnéis maidir le Sochar Linbh	An Roinn Coimirce Sóisialaí	✓	✓	Meastachán ar an éileamh ar áiteanna scoile amach anseo
Bunachar Sonraí Seoltaí Eircode (ECAD) ^b	Éirchód	✓	✓ ^c	Taifid maidir le Sochar Linbh a mheaitseáil de réir suíomh geografach
Sonraí rollaithe	An Roinn Oideachais agus Óige (POD/PPOD)	✓	✓	Líon reatha agus stairiúil na ndaltaí atá cláraithe agus patrúin aistrithe
Fardal acmhainne	An Roinn Oideachais agus Óige	✗	✓	Measúnú ar na háiteanna scoile atá ar fáil
Sonraí próifíle scoile	Scoileanna (sonraí arna dtuairisciú acu féin)	✗	✓	Faisnéis maidir le cineál scoile, pátrúnacht agus an soláthar atá ann cheana
Suirbhéanna ar riocht scoileanna	An Roinn Oideachais agus Óige	✗	✓	Measúnú ar riocht na cóiríochta, i gcás inarb ábhartha
Tithíocht a chur i gcrích ^d	An Phríomh-Oifig Staidrimh	✗	✓	Líon na n-aonad cónaithe a cuireadh i gcrích san am atá caite
Tógáil tithíochta	Údaráis áitiúla / An Phríomh-Oifig Staidrimh	✗	✓	Forbairt chónaithe atá beartaithe

Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Ní tháirgeann an tsamhail atá bunaithe ar GIS ach réamh-mheastacháin ar an éileamh de réir sonraí déimeagrafacha. Déantar na réamh-mheastacháin seo a fhorlíonadh ansin le hanailís mhionsonraithe áitiúil chun measúnuithe a dhéanamh ar riachtanais scoileanna sa cheantar.
 - b Tá sonraí ECAD ar fáil [anseo](#). Áirítear leo an t-éirchód, seoltaí poist, comhordanáidí geografacha agus sonraí maidir le seoltaí malartacha.
 - c Cé nach n-úsáidtear sonraí ECAD go díreach san anailís áitiúil, luaigh an Roinn go n-úsáideann sí taifid atá meaitseáilte de réir suíomh geografach ar leibhéal mionsonraithe.
 - d Úsáideann an Roinn sonraí ó Thascfhórsa Sholáthar Tithíochta Bhaile Átha Cliath freisin maidir le haonaid tithíochta a chuirtear i gcrích i mBaile Átha Cliath.

Fíor 16.2 Forléargas ar an bpróiseas pleanála don éileamh ar áiteanna scoile atá ag teacht chun cinn



Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- Glactar leis i réamh-mheastacháin na samhla atá bunaithe ar GIS nach bhfuil aon ghlanimírce ann, is é sin, nach bhfuil aon ghluaiseacht daonra idir limistéir phleanála scoile. Déantar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag gluaiseachtaí daonra áitiúla de bharr forbairtí cónaithe nua a mheas ar leithligh le linn an phróisis phleanála.
 - Déanann an Roinn measúnú straitéiseach tar éis di iarratas ar chóiríocht bhreise a fháil ó scoil. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú seo an t-éileamh reatha (riachtanais san oideachas príomhshrutha agus riachtanais speisialta oideachais (RSO)), an acmhainn atá ar fáil agus riocht na scoile.
 - Déanann an Roinn measúnú ar riachtanais bunaithe ar éileamh, ag úsáid na réamh-mheastachán dhéimeagrafach ar líon na ndaltaí a bheidh cláraithe ón tsamhail atá bunaithe ar GIS, chun limistéir ina bhféadfadh fás mór tarlú agus a dteastaíonn tuilleadh analíse orthu a shainaithint.
 - Déanann an Roinn measúnú mionsonraithe ar éileamh agus ar acmhainn i limistéir ina bhfuil fás mór, mar a shainaithnítear i réamh-mheastacháin na samhla atá bunaithe ar GIS. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú seo tionchair na himirce agus na tithíochta, réamh-mheastacháin éilimh agus tosca a bhaineann le hacmhainn.
 - Clúdaíonn sé seo acmhainn na scoileanna atá ann cheana.

Measúnú ar an ngá le cóiríocht bhreise scoile

- 16.11** Féadfar an gá le cóiríocht bhreise scoile a shainaithint ón anailís dhéimeagrafach a dhéanann an Roinn nó ó iarratais a chuireann scoileanna isteach.
- 16.12** Is príomhionchur iad sonraí maidir le tógáil tithíochta in anailís na Roinne ar an éileamh de réir sonraí déimeagrafacha áitiúla. Faigheann an Roinn faisnéis maidir le tógáil tithíochta ó údarais áitiúla. Fuair an fhoireann scrúdúcháin amach nach bhfuil aon socrúithe foirmiúla comhroinnte sonraí i bhfeidhm idir an Roinn agus údarais áitiúla chun faisnéis chaighdeánaithe a bhaineann le tithíocht a sholáthar.¹¹ Fuarthas amach in athbhreithniú na foirne scrúdúcháin ar thuarascálacha tithíochta ó dhá údarás áitiúla (tuarascáil amháin ó gach údarás) go raibh difríochtaí suntasacha idir na tuarascálacha ó thaobh formáide, ábhair agus leibhéal mionsonraí de.

Trédhearcacht anailísí na Roinne

- 16.13** Ullmhaíonn an Roinn anailísí níos mionsonraithe (ar leibhéal limistéir pleanála scoile, baile agus scoile) mar chuid dá measúnuithe straitéiseacha agus dá measúnuithe mionsonraithe ar éileamh agus ar acmhainn, chun bonn eolais a chur faoina pleanáil don éileamh ar áiteanna scoile atá ag teacht chun cinn. Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú ar shampla de shé cinn de na hanailísí seo.¹² Cé go raibh measúnuithe agus réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha mhionsonraithe sna hanailísí, ní dhearnadh an bonn a bhí le príomhionchuir a dhoiciméadú go comhsheasmhach.
- 16.14** Fuair an fhoireann scrúdúcháin amach, i gcásanna áirithe,
- nár sainaithníodh foinse na réamh-mheastachán déimeagrafach go soiléir
 - nár tugadh tagairt d'fhoinsé figiúirí agus toimhdí sonracha ná míniú orthu
 - nár míníodh rátaí áitíochta tithíochta, rátaí rannpháirtíochta ná coigeartuithe imirce¹³
 - nár doiciméadaíodh an bonn a bhí le toimhdí agus spriocanna a bhain le tithíocht, agus
 - nár míníodh conas a thiocfadh na tionchair réamh-mheasta tithíochta chun cinn de réir céimeanna.
- 16.15** D'aithin an fhoireann scrúdúcháin freisin éagsúlachtaí sna toimhdí a cuireadh i bhfeidhm san anailís ar áitíocht tithíochta. I gcásanna áirithe, ba chosúil go raibh na toimhdí bunaithe ar shonraí áitiúla maidir le háitíocht tithíochta, agus i gcásanna eile cuireadh meáin náisiúnta áitíochta tithíochta i bhfeidhm.¹⁴ Ní dhearnadh an réasúnaíocht a bhí le toimhdí ar leith a roghnú a dhoiciméadú go comhsheasmhach.
- 16.16** Dá bhrí sin, níorbh fhéidir a chinneadh ar ullmhaíodh na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha mhionsonraithe ar bhonn comhsheasmhach ná conas a ríomhadh na príomhfhiigiúirí.

¹¹ Tá socrúithe foirmiúla comhroinnte sonraí i bhfeidhm chun sonraí ón Roinn Coimirce Sóisialaí (maidir le Sochar Linbh) a sholáthar. Tá na sonraí CSO a úsáidtear ar fáil go poiblí.

¹² Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú ar anailís amháin ar leibhéal limistéir pleanála scoile, ar dhá anailís ar leibhéal baile agus ar thrí anailís ar leibhéal scoile.

¹³ Tagraíonn rátaí rannpháirtíochta don chéatadán de na leanaí atá incháilithe chun freastal ar scoil i limistéar ar leith a fhreastalaíonn ar scoil.

¹⁴ Is é 2.74 duine in aghaidh an teaghlaigh phríobháidigh an meán náisiúnta áitíochta tithíochta de réir CSO, bunaithe ar [dhaonáireamh 2022](#).

Doiciméadú / taifeadadh próiseas

- 16.17** Ní raibh an Roinn in ann nósanna imeachta doiciméadaithe ná doiciméid phróisis a sholáthar a bhí mar bhonn le hoibriú na samhla atá bunaithe ar GIS nó leis na modheolaíochtaí anailíse a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoi chinntí pleanála scoile chun freastal ar an éileamh atá ag teacht chun cinn. Fuair an fhoireann scrúdúcháin amach go mbraitheann príomhghnéithe de na próisis seo go príomha ar eolas agus ar thaithí líon beag ball foirne.
- 16.18** Ní raibh an Roinn in ann ach oiread nósanna imeachta doiciméadaithe a sholáthar a léiríonn nó a thaifeadann conas a thugtar tosaíocht do thionscadail laistigh den chlár tógála scoile.
- 16.19** Chuir an Roinn in iúl don fhoireann scrúdúcháin go bhfuil measúnuithe ar thionscadail scoile bunaithe ar mheasúnú cáilíochtúil seachas ar mheasúnuithe atá bunaithe ar scóráil nó ar ualú. Luaigh sí go bhféadfaí go leor tosa a chur san áireamh agus tionscadail á measúnú. Áirítear orthu sin riachtanais dhéimeagrafacha, riachtanais chóiríochta, riocht na scoileanna atá ann cheana, ullmhacht tionscadal, srianta soláthair agus infhaighteacht buiséid. Luaigh oifigigh na Roinne freisin go ndéantar cinntí ar bhonn cás ar chás.

Píblíne tionscadal tógála scoile

- 16.20** Ag deireadh 2025, bhí píblíne iomlán de 1,209 tionscadal tógála scoile sainaitheanta ag an Roinn. Áiríodh leis sin leathnú agus/nó athchóiriú scoileanna atá ann cheana (1,042) agus scoileanna nua a thógáil (167).^{15,16}
- 16.21** Coinnítear píblíne tionscadal scoile na Roinne ar GIS agus íoslódáiltear í gach lá chuig scarbhileog Excel, go príomha chun cóip chúltaca a dhéanamh, chun anailís a dhéanamh agus chun rian iniúchóireachta a choinneáil.¹⁷ Áirítear san fhaisnéis a choinnítear ar gach tionscadal: an chéim reatha den tionscadal, an bhliain inar ceadaíodh an tionscadal lena áireamh sa píblíne agus faisnéis ghairid faoin gcineál tionscadail.
- 16.22** Liostaítear tionscadail sa píblíne, de réir réamhshocráithe, san ord inar cuireadh sa píblíne iad — ní liostaítear iad in ord tosaíochta ná de réir a gcéime reatha. Ag deireadh mhí na Bealtaine 2026, bhí beagán os cionn an chúigiú cuid den 1,209 tionscadal ag céim na tógála nó ag céim an chuntais deiridh (féach Fíor 16.3). Luaigh an Roinn go léiríonn sé seo an cur i bhfeidhm thar roinnt blianta a bhíonn i gceist le clár mór caipitil.

15 D'fhéadfadh athchóiriú scoileanna atá ann cheana a bheith i gceist le háiseanna atá ann cheana a athrú ina seomraí ranga do dhaltai a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO) nó ina seomraí saintógtha d'ábhair ETIM (is é sin, eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic).

16 Féach larscríbhinn 16B le haghaidh achoimre ar thionscadail sa píblíne de réir contae agus cineál tionscadail. Áirítear sa píblíne gach tionscadal ceadaithe, lena n-áirítear iad siúd atá á dtógáil.

17 Is féidir tionscadail sa píblíne a scagadh agus a athordú tar éis iad a íoslódáil go Excel.

Fíor 16.3 Stádas na dtionscadal sa phíblíne, de réir céime, ag deireadh mhí na Bealtaine 2026^a

Céim reatha	Líon na dtionscadal scoile sa phíblíne		
	Bunscoil	Iar-bhunscoil	Iomlán
Achoimre tionscadail ^b	15	9	24
Céim 1: réamhdhearadh	235	128	363
Céim 2a: dearadh mionsonraithe	99	86	185
Céim 2b: pleanáil	218	121	339
Céim 3: tairiscint	17	30	47
Céim 4: tógáil	150	50	200
Céim 5: cuntas deiridh	42	9	51
Gach céim	776	433	1,209

Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Léiríonn sé seo stádas, ag deireadh mhí na Bealtaine 2026, an 1,209 tionscadal a bhí sa phíblíne ag deireadh 2025. Tá stádas roinnt tionscadal athraithe ó dheireadh 2025.


b Is éard atá i gceist leis seo achoimre scríofa a ullmhú (arna comhaontú leis an scoil) ina leagtar amach riachtanais na Roinne don tionscadal agus raon feidhme na n-oibreacha atá le déanamh.

16.23 Tá na tionscadail sa phíblíne fhoriomlán roinnte go ginearálta ag an Roinn ina dhá chatagóir.

- **tionscadail mhórsála** lena mbaineann caiteachas ionchasach os cionn €1 mhilliún chun scoileanna nua a thógáil nó chun scoileanna atá ann cheana a leathnú agus/nó a athchóiriú
- **tionscadail chóiríochta** breise scoile (ASA), ina bhfuil gá riachtanach léirithe, ina bhfuil an gá láithreach, agus inarb é cóiríocht shealadach a fháil ar cíós, cóiríocht mhodúlach a cheannach nó cóiríocht a thógáil an réiteach cuí.

Anailís ar aois na dtionscadal sa phíblíne

16.24 Cuireadh thart ar 42% de na tionscadail a bhí i bpíblíne tionscadal na Roinne ag deireadh 2025 sa phíblíne ó 2022 i leith, agus cuireadh 44% de na tionscadail inti idir 2018 agus 2021. Cuireadh an 14% eile de na tionscadail sa phíblíne in 2017 nó roimhe sin, agus téann an tionscadal is sine sa phíblíne siar go dtí 2006 (féach Fíor 16.4).

Fíor 16.4 Anailís ar aois na dtionscadal sa phíblíne, ag deireadh 2025

Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Téann an tionscadal is sine sa phíblíne siar go dtí 2006.

- 16.25** Dúirt an Roinn go ndéantar athbhreithniú foirmiúil ar thionscadail nuair a bhogann siad ó chéim amháin go céim eile agus go ndéanann foirne seachadta PBU monatóireacht leanúnach orthu. Luaigh sí, áfach, nach bhfuil sé indéanta faoi láthair, de bharr líon na dtionscadal atá sa phíblíne, cleachtadh foirmiúil a dhéanamh ar gach tionscadal.

Tionscadail tógála scoileanna a chur in ord tosaíochta

- 16.26** I mí Eanáir 2026, d'fhógair an Roinn a céad tráinse de 105 thionscadal tógála scoileanna mar chuid de chur i bhfeidhm PFN 2026 go 2030. Tá sé beartaithe go gcuirfidh na tionscadail sin beagnach 28,000 áit scoile nua agus nuachóirithe ar fáil in 22 chontae, ar fud 86 LPS (féach Fíor 16.5). Táthar ag súil go mbogfaidh na tionscadail sin ar aghaidh chuig tairiscint agus/nó tógáil sa tréimhse 2026 go 2027.

Fíor 16.5 Miondealú ar áiteanna scoile sna 105 thionscadal ar tugadh tosaíocht dóibh le dul ar aghaidh in 2026 agus 2027

Áit scoile de réir cineáil	Líon na n-áiteanna scoile	Céatadán na n-áiteanna scoile
Nua	9,973	36%
Nuachóirithe	15,317	55%
Riachtanais speisialta oideachais (RSO) ^a	2,638	9%
Iomlán	27,928	100%


Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Dheimhnigh an Roinn gur áiteanna scoile nua iad seo freisin.

- 16.27** Dúirt an Roinn go raibh beagnach gach tionscadal píblíne a bhí ag céim na tairisceana (céim 3) agus roinnt tionscadal a bhí ag céim na pleanála (céim 2b) san áireamh i dtráinse 2026 de thionscadail tosaíochta. Luaigh sí gur cuireadh tionscadail a bhí ag céim na pleanála faoi phróiseas breise tosaíochta, agus béim ar leith ar an 132 thionscadal a raibh cead pleanála acu cheana féin. De na tionscadail sin a raibh cead pleanála acu, cuireadh 35 díobh (27%) san áireamh i dtráinse 2026 de thionscadail tosaíochta. Ní raibh anseo ach 10% den 350 tionscadal ag céim 2b a bhí sa phíblíne ag deireadh 2025.
- 16.28** Ar an iomlán, tá 39 dtionscadal mórscála agus 41 tionscadal CSB san áireamh i dtráinse 2026 de thionscadail tosaíochta (féach Fíor 16.6).
- 16.29** Ar leithligh, as liosta ar leith de 296 thionscadal a bhí beartaithe mar thionscadail ‘mhodúlacha’, roghnaigh an Roinn 25 thionscadal le tosaíocht a thabhairt dóibh, agus cheadaigh an Roinn iad chun cóiríocht a bhfuil géarghá léi a sholáthar, go háirithe do RSO, don scoilbhliain 2026/2027.¹⁸ Níl na tionscadail sin san áireamh i bpíblíne fhoriomlán tionscadal na Roinne.
- 16.30** Dúirt an Roinn gur cuireadh réimse tosca san áireamh agus tionscadail á gcur in ord tosaíochta, lena n-áirítear riachtanais chóiríochta scoile, dálaí scoileanna, riachtanais RSO, ullmhacht tionscadal, cúrsaí soláthair agus na buiséid a bhí ar fáil. Luaigh sí gur breithníodh na tosca sin trí cheardlanna, trí phlé agus trí chruinnithe tosaíochta a raibh foireann PBU páirteach iontu. Dúirt an Roinn freisin gur ullmhaíodh cásanna gnó mionsonraithe don 39 dtionscadal mórscála agus do na tionscadail CSB a raibh costas réamh-mheasta os cionn €5 mhilliún ag gabháil le gach ceann díobh.

¹⁸ Tráth an roghnúcháin, bhí thart ar 40% de na tionscadail mhodúlacha a bhí beartaithe beagnach críochnaithe nó ag céim an chuntais deiridh. Tógtar tionscadail mhodúlacha lasmuigh den láthair den chuid is mó.

Fíor 16.6 Ó phíblíne na dtionscadal/na dtionscadal modúlach ag deireadh 2025 go dtí an tráinse tosaíochta de 105 thionscadal^a



Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.


Nóta: a Foilsíodh tráinse 2026 de thionscadail tosaíochta i mí Eanáir 2026.

16.31 Níor tugadh tosaíocht do cheann ar bith de na tionscadail tógála scoileanna atá beartaithe i gceithre chontae (an Cabhán, Maigh Eo, Sligeach agus an Iarmhí) le dul ar aghaidh i dtráinse 2026. Is é 172 (nó 11%) líon comhcheangailte na dtionscadal píblíne agus na dtionscadal modúlach atá beartaithe sna contaetha sin.

16.32 Maidir leis na contaetha eile, athraíonn céatadán na dtionscadal ar tugadh tosaíocht dóibh (féach Fíor 16.7). Is i Lú agus i gCill Dara atá na céatadáin is airde de thionscadail ar tugadh tosaíocht dóibh le dul ar aghaidh, rud a d'fhéadfadh a léiriú gur freagairt é ar an bhfás tapa ar an éileamh ar áiteanna scoile a bhaineann le fás an daonra i gcoitinne.


Fíor 16.7 Dáileadh na dtionscadal tógála scoileanna atá beartaithe agus an céatadán ar tugadh tosaíocht dóibh, de réir contae^{a,b}

Céatadán na dtionscadal tosaíochta in aghaidh an chontae



Líon na dtionscadal tógála scoileanna sa phíblíne

○ Céatadán na dtionscadal píblíne ar tugadh tosaíocht dóibh



Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Léirítear san fhaisnéis dáileadh na dtionscadal go léir (tionscadail phíblíne: 1,209; tionscadail mhodúlacha: 296) ag deireadh 2025 agus an 105 tionscadal (de réir céatadán) ar tugadh tosaíocht dóibh le dul ar aghaidh faoi thráinse 1 de chur i bhfeidhm PFN 2026 go 2030, a d'fhoilsigh an Roinn i mí Eanáir 2026.

b Tá tionscadail ag gach céim sa daonra tionscadal, lena n-áirítear iad siúd atá ag céim na tógála, atá beagnach críochnaithe agus atá ag céim an chuntais deiridh.

Trédhearcacht na gcinntí tosaíochta

- 16.33** Chuir an Roinn dhá dhoiciméad achomair ar fáil don fhoireann scrúdaithe ina leagtar amach an réasúnaíocht maidir le 80 den 105 thionscadal a bhí san áireamh i dtráinse Eanáir 2026 de thionscadail tógála scoileanna. Rinneadh achoimre i ndoiciméad amháin ar an réasúnaíocht maidir leis na 39 dtionscadal mórscála, agus rinneadh achoimre sa doiciméad eile ar an réasúnaíocht maidir leis na 41 tionscadal CSB.¹⁹
- 16.34** Leagtar amach sna doiciméid sin an gá atá leis na tionscadail aonair agus, go ginearálta, cuirtear faisnéis iontu, i gcás inarb ábhartha, maidir leis an méid seo a leanas
- aghaidh a thabhairt ar ghéarghá – freastal ar an éileamh reatha príomhshrutha agus RSO
 - saoráidí neamhleora a athsholátharfoirgnimh atá i ndroch-chaoi nó cóiríocht shealadach
 - acmhainn a chinntiú amach anseo — acmhainn atá le cur leis nó le hathsholáthar ag an tionscadal
 - soláthar oideachais feabhsaithe – seomraí ranga speisialtóra nua agus saoráidí a nuachóiriú
 - freagairt don fhás – spriocanna tithíochta amach anseo.
- 16.35** Go bunúsach, is cás ar son na dtionscadal aonair a roghnaítear le dul ar aghaidh atá sa réasúnaíocht a chuirtear i láthair sna doiciméid. Fuair an fhoireann scrúdaithe amach nár léirigh na doiciméid achomair conas a rinneadh measúnú comparáideach ar thionscadail ná conas a roghnaíodh iad ón bpíblíne fhoriomlán tionscadal. Ar an gcaoi chéanna, fuair an fhoireann scrúdaithe amach, ina hathbhreithniú ar mhiontuairiscí na gcruinnithe tosaíochta agus ar dhoiciméid ghaolmhara, nár léiríodh go soiléir iontu conas a rinneadh measúnú ar thosaíochtaí iomaíocha ná conas a cothromaíodh iad agus tionscadail á roghnú le dul ar aghaidh.²⁰
- 16.36** Mhínigh an Roinn
- go dtugtar tosaíocht do thionscadail scoileanna speisialta agus ranganna RSO thar thionscadail tógála scoileanna eile
 - go dtugtar tosaíocht freisin do thionscadail do scoileanna atá ag feidhmiú i gcóiríocht eatramhach
 - go mbreithnítear na tionscadail eile ar bhonn cás ar chás, agus tosca amhail an t-éileamh déimeagrafach, riocht na scoile agus an maoiniú atá ar fáil á gcur san áireamh
- 16.37** Tráth an scrúdaithe, ní raibh na critéir atá le cur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail agus chun a chinneadh cé acu díobh a dtabharfaí tosaíocht dóibh doiciméadaithe go foirmiúil ag an Roinn. Dá bharr sin, ní raibh an fhoireann scrúdaithe in ann an bonn ar ar roghnaíodh tionscadail ón bpíblíne fhoriomlán tionscadal le dul ar aghaidh a fhíorú go neamhspleách.
- 16.38** Dúirt an Roinn go bhfuil an Grúpa Bainistíochta Acmhainne agus Píblíne, a bunaíodh le déanaí, ag breithniú conas a d'fhéadfaí measúnuithe comparáideacha a dhoiciméadú ar bhealach níos foirmiúla.²¹

¹⁹ Níor cuireadh ar fáil don fhoireann scrúdaithe an réasúnaíocht a bhí taobh thiar den 25 tionscadal de chineál modúlach.

²⁰ Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar mhiontuairiscí naoi gcruinní a chlúdaigh an tréimhse ón 7 Lúnasa 2025 go dtí an 12 Feabhra 2026.

²¹ Bunaíodh an Grúpa Bainistíochta Acmhainne agus Píblíne i mí an Mhárta 2026.

Measúnuithe ar an éileamh ar leibhéal na limistéar pleanála scoile (LPS)

- 16.39** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar shampla de shé LPS (trí limistéar uirbeacha agus trí limistéar tuaithe) chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann réamh-mheastacháin rollaithe déimeagrafacha na Roinne bonn eolais faoi chinntí pleanála maidir leis an éileamh scoile atá ag teacht chun cinn (féach Fíor 16.8).²²
- 16.40** Ag deireadh 2025, bhí 19 dtionscadal san iomlán sa phíblíne tionscadal do na LPSanna a bhí sa sampla. Díobh sin
- tá seacht gcinn faoi thógáil cheana féin (céim 4) nó ag céim an chuntais deiridh (céim 5)
 - tá dhá cheann ag céim na tairisceana (céim 3) agus tá siad curtha san áireamh i dtráinse 2026 de thionscadail tosaíochta
 - tá trí cinn ag céim na pleanála (céim 2b), cé nár cuireadh aon cheann acu san áireamh i dtráinse 2026 de thionscadail tosaíochta
 - tá ceithre cinn ag céim an dearaidh mhionsonraithe (céim 2a), agus tá dhá cheann díobh sa phíblíne ó 2015 i leith
 - tá trí cinn ag céim na treorach tionscadail (céim 1), agus tá ceann amháin díobh sa phíblíne ó 2018 i leith.
- 16.41** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar an anailís a d'ullmhaigh PBU na Roinne do gach ceann de na LPSanna a bhí sa sampla (féach Fíor 16.9).

²² Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar thionscadail ón bpíblíne fhoriomlán sna LPSanna a bhí sa sampla. Níor cuireadh tionscadail mhodúlacha san áireamh san athbhreithniú sin.

Fíor 16.8 LPS a scrúdaíodh sa sampla agus faisnéis ghaolmhar faoi thionscadail scoile sa phíblíne

Ainm an LPS	Limistéar samplach	Tosaíocht tugtha T, N nó n/b	Leibhéal oideachais	Líon na dtionscadal píblíne	Cineál tionscadail	Bliain iontrála sa phíblíne	Céim reatha ^{a,b}
Baile an Chairpintéaraigh	Uirbeach	N	Bunscoil	1	Síneadh agus/nó athchóiriú	2018	1
		n/b	lar-bhunscoil	2 ^c	Síneadh agus/nó athchóiriú	2023	4
		N			Síneadh	2023	1
Ráth Caola	Tuaithe	N	Bunscoil	2	Síneadh	2019	2b
		N			Síneadh	2022	2b
		—	lar-bhunscoil	—	—	—	—
An Caisleán Nua Ráth Cúil	Uirbeach	T ^d	Bunscoil	4 ^c	Foirgneamh scoile nua ^{c,d}	2015	3
		n/b			Síneadh agus/nó athchóiriú ^c	2025	5
		n/b			Foirgneamh scoile nua	2018	4
		N			Foirgneamh scoile nua	2018	2b
		n/b	lar-bhunscoil	2	Foirgneamh scoile nua	2018	4
		n/b			Foirgneamh scoile nua	2013	4
Cill Náile	Tuaithe	N	Bunscoil	2 ^c	Síneadh agus/nó athchóiriú	2024	2a
		n/b			Síneadh agus/nó athchóiriú	2025	5
		T ^d	lar-bhunscoil	1	Síneadh ^d	2019	3
Cill Droichid	Uirbeach	n/b	Bunscoil	2	Síneadh agus/nó athchóiriú	2024	5
		N			Foirgneamh scoile nua	2015	2a
		N	lar-bhunscoil	2	Síneadh	2024	1
		N			Foirgneamh scoile nua	2015	2a
An Bábhún Bui	Tuaithe	N	Bunscoil	1	Síneadh	2020	2a
		—	lar-bhunscoil	—	—	—	—

Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

- a Léirítear anseo an céim a bhí sroichte ag gach tionscadal i mí na Bealtaine 2026.
- b Tá tionscadail ag céimeanna 4 agus 5 faoi thógáil cheana féin nó ag céim an chuntais deiridh.
- c Baineann dhá thionscadal le scoil amháin.
- d Cuireadh tionscadal amháin sa LPS seo san áireamh sa tráinse de thionscadail tosaíochta a fógraíodh i mí Eanáir 2026.

Fíor 16.9 Tábla achoimre de na LPSanna samplacha a ndearna an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú orthu

SPA	Leibhéal oideachais	GIS — buaic réamh-mheastacháin le himirce nialasach ^a		Buaic réamh-mheastacháin an éilimh choigeartaithe ^b		Acmhainn phleanáilte réamh-mheasta ^b		Rollú reatha ^d Acmhainn reatha ^e		Tosca áitiúla a breithníodh san anailís		
		Líon na ndaltaí	Bliain	Líon na ndaltaí	Bliain	Líon na ndaltaí	De réir na bliana			Sreafaí imirce an LPS	Tógáil tithíochta	Críochnú tithíochta
Baile an Chairpintéaraigh	Bunscoil	2,069	2024	2,277	2026	2,135	2029	2,187	2,111	✓	✓	✓
	Iar-bhunscoil	1,581	2029	1,838	2031	2,500	2030	2,345	2,200	●	✓	✓
Ráth Caola	Bunscoil	992	2024	996	2025	951	2029	844	920	●	◆	✓
	Iar-bhunscoil	703	2030	763	2030	550	2030	537	550	▲	✓	✓
An Caisleán Nua Ráth Cúil	Bunscoil	2,941	2024	3,568	2028	3,604	2029	3,273	3,189	✓	✓	▲
	Iar-bhunscoil	2,241	2029	2,739	2032	2,300	2028	1,756	1,756	●	✓	▲
Cill Náile	Bunscoil	321	2027	330	2027	461	2030	307	461	●	◆	✓
	Iar-bhunscoil	285	2024	320	2030	350	2030	360	388	▲	◆	✓
Cill Droichid	Bunscoil	3,121	2024	3,091	2025	3,137	2029	3,000	2,929	●	✓	✓
	Iar-bhunscoil	2,449	2024	2,612	2032	2,730	2030	2,438	2,444	●	✓	✓
An Bábhún Buí	Bunscoil	426	2025	431	2025	478	2030	424	455	✓	◆	▲
	Iar-bhunscoil	321	2029	342	2032	N/B	N/B	310	400	✓	◆	▲
✓ Cur chuige comhsheasmhach le sonraí ▲ Éagsúlacht sa chur chuige le sonraí ◆ sainaitníodh na sonraí foinse ● Níor cuireadh i bhfeidhm												

Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Tá na líonta buaice rollaithe a tháinig GIS bunaithe ar an rollú sa scoilbhliain 2024/2025 agus ní chuirtear tosca áitiúla i ngach LPS san áireamh iontu.
 - b Cuirtear tosca áitiúla san áireamh i réamh-mheastacháin na Roinne, i.e. sreafaí isteach/amach daltaí idir LPSanna, réamh-mheastacháin tithíochta, srl.
 - c Tá acmhainn phleanáilte réamh-mheasta na Roinne bunaithe ar líon réamh-mheasta na seomraí ranga príomhshrutha agus RSO arna iolrú faoin gcóimheas daltaí is múinteoirí ábhartha.
 - d Léiríonn sé seo na líonta rollaithe a d'fhoilsigh an Roinn don scoilbhliain 2025/2026.
 - e Tá acmhainn reatha na Roinne bunaithe ar líon iarbhair na seomraí ranga príomhshrutha agus RSO arna iolrú faoin gcóimheas daltaí is múinteoirí ábhartha.

- 16.42** Tá leibhéil éagsúla fáis réamh-mheasta ar an rollú déimeagrafach sna limistéir sa sampla. Léiríonn na réamh-mheastacháin rollaithe déimeagrafacha a tháirg GIS fás ag leibhéal iar-bhunscoile i gceithre cinn de na LPSanna sa sampla (Baile an Chairpintéaraigh, Ráth Caola, an Caisleán Nua Ráth Cúil agus an Bábhún Buí), gan aon fhás réamh-mheasta ag leibhéal bunscoile. Maidir leis an dá LPS eile (Cill Náile agus Cill Droichid), léiríonn na réamh-mheastacháin déimeagrafacha a tháirg GIS fás íosta nó gan aon fhás.
- 16.43** Mar sin féin, nuair a chuirtear coigeartuithe áitiúla san áireamh, léiríonn na réamh-mheastacháin choigeartaithe fás ag leibhéal iar-bhunscoile i ngach ceann de na sé LPS agus fás ag leibhéal bunscoile freisin in dhá cheann de na LPSanna (Baile an Chairpintéaraigh agus an Caisleán Nua Ráth Cúil).²³
- 16.44** Fuair an fhoireann scrúdaithe amach gur táirgeadh na réamh-mheastacháin déimeagrafacha GIS bunúsacha trí mhodheolaíocht chomhsheasmhach a úsáid. Thug sí faoi deara, áfach, go raibh éagsúlacht áirithe i gcur i bhfeidhm na coigeartuithe áitiúla maidir le sreabhadh imirce LPS agus faisnéis faoi chríochnú tithíochta. Go háirithe, thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara nár cuireadh sreabhadh imirce LPS i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach.
- In LPS amháin (Cill Droichid), níor cuireadh sreabhadh imirce i bhfeidhm ar chor ar bith.
 - I gceithre cinn de na LPSanna (Baile an Chairpintéaraigh, Ráth Caola, an Caisleán Nua Ráth Cúil agus Cill Náile), níor cuireadh sreabhadh imirce i bhfeidhm ach ar an anailís bunleibhéil nó ar an anailís iar-bhunleibhéil. I dhá cheann de na cásanna sin (Ráth Caola agus Cill Náile), tugadh éagsúlacht sa chur chuige faoi deara, sa mhéid nach raibh aon fhianaise ann a thacaigh leis na sreafaí a úsáideadh, agus níor cuireadh fás i bhfeidhm ach ar bhliain ar leith amháin. Sna hanailísí eile a ndearnadh athbhreithniú orthu, thacaigh na sreafaí isteach chuig an LPS agus amach as leis na sreafaí imirce, agus cuireadh fás i bhfeidhm gach bliain do na blianta a chumhdaigh na réamh-mheastacháin.
- 16.45** Fuair an fhoireann scrúdaithe amach gur úsáideadh modhanna ríomha éagsúla in dhá LPS (an Caisleán Nua Ráth Cúil agus an Bábhún Buí) le haghaidh mheánlíon bliantúil na dtithe a críochnaíodh. Ní raibh aon réasúnaíocht dhoiciméadaithe ar fáil, áfach, maidir leis an éagsúlacht, agus níor mhínigh an anailís tacaíochta cén fáth a raibh an cur chuige difriúil.
- 16.46** Ar leithligh, níor cuireadh foinse na bhfigiúr tógála tithíochta san áireamh san anailís áitiúil do dhá LPS (Cill Náile agus an Bábhún Buí) agus níor cuireadh san áireamh ach go páirteach í in LPS eile (Ráth Caola).
- 16.47** Is é an toradh a bhíonn ar choigeartuithe áitiúla a chur i bhfeidhm ná réamh-mheastacháin leasaithe ar an éileamh rollaithe. Dá bharr sin, d'fhéadfadh neamhréireachtaí sa chaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad tionchar a imirt, sa deireadh, ar chinneadh na Roinne tosaíocht a thabhairt (nó gan tosaíocht a thabhairt) do thionscadail sna limistéir sa sampla.

23 Léiríonn na réamh-mheastacháin choigeartaithe fás imeallach breise freisin ag leibhéal bunscoile i gCill Náile.

- 16.48** Dúirt an Roinn go mbreithnítear sreabhadh imirce i ngach anailís, ach i gcás roinnt LPSanna ina bhfuil an sreabhadh íseal, mar shampla <3%, nach gcuirtear san áireamh é toisc nach mbíonn tionchar aige ar na measúnuithe foriomlána ar riachtanais scoile. Dúirt sí freisin, i gcás ina bhfuil sreabhadh imirce ábhartha, go gcuirtear i bhfeidhm é ar fud na mblianta uile atá á mbreithniú. Maidir leis an ngníomhaíocht tógála tithíochta, dúirt an Roinn go bhfaigheann sí na sonraí sin ó go leor foinsí agus go bhfuil gach ríomh bunaithe ar fhaisnéis agus ar shonraí.
- 16.49** Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara freisin gur sháraigh an rollú reatha in LPS amháin (Baile an Chairpintéaraigh), ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon, an acmhainn reatha a ríomh an Roinn, agus gur sháraigh an rollú bunleibhéil an acmhainn reatha in dhá LPS eile (an Caisleán Nua Ráth Cúil agus Cill Droichid). D'fhéadfadh sé seo a léiriú go bhfuil plódú áirithe ann.
- 16.50** Dúirt an Roinn go bhfuil daonra iar-bhunscoile limistéar Bhaile an Chairpintéaraigh i bhfad níos lú ná acmhainn na n-iar-bhunscoileanna agus go dtaistealaíonn líon mór daltaí isteach sa limistéar chun freastal ar scoil. Dúirt sí go bhfuiltear ag tabhairt aghaidh air seo tríd an acmhainn scoile a mhéadú sna limistéir ina gcónaíonn na daltaí. Dúirt sí freisin go bhfuil acmhainn na mbunscoileanna bunaithe ar mheánmhéid ranga de 23 (nó 19 i gcás DEIS UB1).^{24,25}
- 16.51** Dúirt an Roinn freisin gur ábhar do chomhlacht rialaithe gach scoile é socrúithe rollaithe agus iontrála na scoile a bhainistiú, lena n-áirítear a chinneadh cé mhéad dalta is féidir a ghlacadh, ag féachaint don chóiríocht atá ar fáil, do riachtanais sláinte agus sábháilteachta, d'acmhainní foirne agus do bheartas iontrála na scoile.

LPS an Chaisleáin Nua Ráth Cúil — foirgneamh nua bunscoile

- 16.52** Tá an tionscadal tosaíochta in LPS an Chaisleáin Nua Ráth Cúil sa phíblíne ó 2015 i leith. Chuir an Roinn in iúl don fhoireann scrúdaithe gur úsáideadh anailís a rinneadh in 2017 mar bhonn eolais don chinneadh an tionscadal seo a chur ar aghaidh. Ríomh an Roinn go bhfuil acmhainn reatha an LPS ag leibhéal bunscoile, 3,189, níos lú ná an líon rollaithe reatha bunscoile, 3,273, rud a d'fhéadfadh a léiriú go bhfuil plódú áirithe ann.
- 16.53** Áirítear san acmhainn phleanáilte réamh-mheasta de 3,604 áit bhunscoile faoi 2029 trí thionscadal tógála scoile — an tionscadal tosaíochta, tionscadal eile (foirgneamh nua scoile) atá faoi thógáil cheana féin (céim 4) agus tionscadal bunscoile nua eile. Níor cuireadh an tionscadal deireanach sin, cé go bhfuil sé ag céim na pleanála (céim 2b), san áireamh i dtráinse 2026 de thionscadail tosaíochta na Roinne.
- 16.54** Thug an Roinn dá haire gur breithníodh an tionscadal le linn na bpléití tosaíochta (toisc go raibh sé ag céim 2b). Mar sin féin, níor cuireadh aon réasúnaíocht mhionsonraithe ar fáil don fhoireann scrúdaithe ag leagan amach cén fáth nár tugadh tosaíocht dó. Dúirt an Roinn go bhfuair an tionscadal cead pleanála i mí na Bealtaine 2025 agus go ndéanfar é a bhreithniú do thráinsí PFN amach anseo.

24 Leagtar amach in [Imlitir 0011/2025](#) *Socrúithe Foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2025/2026* gurb é 23:1 an meánchóimheas daltaí is múinteoirí i scoileanna príomhshruitha.

25 I scoileanna Bhanda Uirbeach 1 (UB1) *de chuid Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna* (DEIS), laghdáitear an meánchóimheas daltaí is múinteoirí go 17:1, 19:1 agus 21:1 i gcás scoileanna sóisearacha, ingearacha agus sinsearacha faoi seach. Cuimsíonn scoileanna ingearacha ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé.

LPS Chill Náile — síneadh iar-bhunscoile

- 16.55** Tá síneadh ar iar-bhunscoil i gCill Náile san áireamh i dtráinse 2026 de thionscadail tosaíochta na Roinne. Tá an tionscadal ag céim na tairisceana (céim 3). Fuair an fhoireann scrúdaithe amach nach raibh aon fhoinse taifeadta ann do na figiúir tithíochta a úsáideadh san anailís dhéimeagrafach áitiúil a rinne an Roinn don scoil seo. Tugadh éagsúlacht faoi deara freisin i gcur i bhfeidhm shreabhadh imirce an LPS. Ba é an toradh a bhí ar an anailís áitiúil buaicéileamh réamh-mheasta coigeartaithe de 320 dalta rollaithe faoi 2030, i gcomparáid le buaicéileamh réamh-mheasta de 285 in 2024 de réir réamh-mheastacháin GIS.
- 16.56** Is é 388 an acmhainn reatha a ríomh an Roinn don scoil seo, agus is é 360 an líon rollaithe reatha, bunaithe ar thuairisceáin rollaithe foilsithe na Roinne don scoilbhliain 2025/2026. Mar sin féin, tá réamh-mheas déanta ag an Roinn gur 350 a bheidh san acmhainn phleanáilte don scoil seo faoi 2030, nuair a bheidh an tionscadal síntí críochnaithe. Is ionann sin agus laghdú 10% ar acmhainn na scoile reatha.
- 16.57** Dúirt an Roinn go léiríonn an acmhainn reatha de 388 an rollú stairiúil agus go gcuirfidh an tionscadal reatha cóiríocht nua in ionad seanchóiríocht réamhdhéanta agus go gcuirfear ranganna RSO ar fáil. Dúirt sí gur leor an acmhainn athbheithnithe chun freastal ar an éileamh áitiúil. Dúirt sí freisin nach mbaineann gach tionscadal scoile le hacmhainn bhreise a sholáthar, agus go mbaineann roinnt tionscadal le cóiríocht atá ann cheana a athchóiriú nó cóiríocht faoi bhun caighdeáin a athsholáthar.

Conclúidí agus moltaí

- 16.58** I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Óige (an Roinn) a réamh-mheastacháin náisiúnta is déanaí ar líon rollaithe scoileanna. Faoi 2030/2031, réamh-mheastar go dtitfidh an rollú i mbunscoileanna thart ar 8% ón mbuaic a bhí ann in 2018/2019; agus réamh-mheastar go dtitfidh an rollú in iar-bhunscoileanna thart ar 5% ón mbuaic a bhfuiltear ag súil léi in 2025/2026. Réamh-mheastar freisin go leanfaidh an rollú i mbunscoileanna ag titim go dtí 2040/2041 agus go leanfaidh an rollú in iar-bhunscoileanna ag titim go dtí 2044/2045 ar a laghad. Mar sin féin, tugtar dá aire i réamh-mheastacháin na Roinne go mb'fhéidir nach mbeidh an rollú áitiúil ag teacht le treochtaí náisiúnta, go háirithe i limistéir ina bhfuil forbairt chónaithe agus inimirce ar siúl.
- 16.59** Úsáideann an Roinn samhail um réamh-mheastachán déimeagrafach atá bunaithe ar an gCóras Faisnéise Geografaí (samhail GIS) chun réamh-mheastacháin rollaithe déimeagrafacha a thuar. Chun anailís a dhéanamh ar an éileamh agus chun soláthar scoileanna a phleanáil ar leibhéal áitiúil, tá an tír roinnte ag an Roinn in 314 limistéar planála scoile (LPSanna). Táirgeann an tsamhail GIS réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha bhliantúla ar an éileamh ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna araon i ngach LPS.
- 16.60** Tá réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha GIS bunaithe ar roinnt foinsí sonraí, lena n-áirítear sonraí réamh-mheastacháin daonra, sonraí daonáirimh, sonraí sochair leanaí agus sonraí de chuid na Roinne féin. Cuirtear na sonraí sin le chéile le toimhdí áirithe a chuimsíonn rátaí réamh-mheasta torthúlachta agus básmhaireachta, rátaí daltaí a dhéanann bliain arís agus aistrithe idir scoileanna poiblí agus scoileanna príobháideacha.

- 16.61** Is príomhghné de phleanáil fhoriomlán na Roinne don éileamh scoile atá ag teacht chun cinn iad na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha. Mar sin féin, is próiseas pleanála níos leithne a chuireann bonn eolais faoi chinntí maidir le tionscadail scoile a shainaithint, iad a chur san áireamh i bpíblíne bonneagair chaipitiúil na Roinne agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Cuirtear tosca eile san áireamh sa phróiseas sin, lena n-áirítear faisnéis a fhaightear go díreach ó scoileanna, riocht na cóiríochta atá ann cheana agus forbairtí áitiúla.
- 16.62** Níl comhaontuithe comhroinnte sonraí foirmiúla i bhfeidhm do gach foinse sonraí a úsáideann an Roinn ina próiseas pleanála scoileanna. Go háirithe, ní chuirtear faisnéis a fhaightear ó údaráis áitiúla faoi fhorbairtí tithíochta ar fáil ar bhonn foirmiúil. Fuair an fhoireann scrúdaithe amach, ina hathbhreithniú ar shampla de thuarascálacha tithíochta, go raibh éagsúlacht mhór san fhaisnéis. De bharr easpa socruithe foirmiúla, is teoranta an dearbhú is féidir a thabhairt maidir le hiomláine, comhsheasmhacht agus tráthúlacht na faisnéise tithíochta a úsáideann an Roinn ina hanailís ar an éileamh áitiúil.

Moladh 16.1

Ba cheart don Roinn na socruithe rialachais a neartú do na sonraí a úsáidtear ina próiseas pleanála scoileanna agus anailise déimeagrafaí. Ba cheart go n-áireofaí leis sin socruithe foirmiúla a bhunú, i gcás inarb iomchuí, le príomhsholáthraithe seachtracha sonraí agus na híosriachtanais faisnéise a dhoiciméadú chun tacú le cinntí pleanála.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Chuirfeadh an Roinn fáilte roimh shocrú foirmiúil faoina gcuirfeadh gach údarás áitiúil sonraí ábhartha faoi fhorbairt nua tithíochta cónaithe ar fáil go rialta i bhformáid chaighdeánaithe chomhsheasmhach. Leanfaidh an Roinn dá cuid oibre ar na socruithe reatha a neartú trína caidreamh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an Roinn Tithíochta) agus leis na húdaráis áitiúla. D'fhorbair an Roinn Tithíochta Mol Faisnéise Tithíochta (HIH) le déanaí — stór lárnach do shonraí faoi ghníomhaíocht tithíochta. Scrúdófar an deis an HIH a úsáid mar mheicníocht chun tacú le socruithe comhroinnte sonraí d'údaráis áitiúla agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile araon, amhail an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA), srl.

Déanfaidh an Roinn na híosriachtanais faisnéise do phríomhthacair sonraí a úsáidtear sa phróiseas pleanála scoileanna a dhoiciméadú freisin, lena n-áirítear sonraí faoi fhorbairt tithíochta. Déanfaidh sí athbhreithniú freisin ar na socruithe rialachais atá ann cheana chun a chinntiú go ndéantar cáilíocht sonraí, próisis bhailíochtaí agus minicíocht nuashonraithe a shainiú agus go ndéantar monatóireacht orthu mar is iomchuí.

Tacóidh ionadaíocht na Roinne ar an nGrúpa Náisiúnta Seachadta um Ghníomhachtú Tithíochta, mar aon le caidreamh leanúnach leis an bhFoireann Gníomhachtaithe Tithíochta, le húdaráis áitiúla, leis an LDA agus le príomhpháirtithe leasmhara eile, le cur i bhfeidhm na mbeart sin.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Nollaig 2027.

Próisis a dhoiciméadú

- 16.63** D'ainneoin an ról lárnach atá ag samhail GIS na Roinne i dtacú lena measúnú ar an éileamh ar áiteanna scoile amach anseo, tá easpa doiciméadachta ann mar bhonn le feidhmiú na samhla. Ní raibh an Roinn in ann nósanna imeachta doiciméadaithe ná doiciméid phróisis a chur ar fáil don tsamhail GIS ná do na modheolaíochtaí anailíseacha a úsáidtear mar bhonn eolais do chinntí pleanála scoileanna.
- 16.64** Braitheann príomhghnéithe de na próisis go príomha ar eolas agus ar thaithí grúpa beag foirne. Méadaíonn sé seo an baol go gcaillfear eolas corparáideach nuair a fhágann baill foirne an Roinn.

Moladh 16.2

Ba cheart don Roinn feidhmiú na samhla GIS agus na próisis anailíseacha ghaolmhara a dhoiciméadú. Ba cheart go n-áireofaí leis sin na modheolaíochtaí lena mbaineann; príomhfhoinsí sonraí agus toimhdí; ról agus freagrachtaí; socruithe maidir le cáilíocht sonraí, bailíochtú, athbhreithniú agus dearbhú; agus na socruithe chun tacú le haistriú eolais agus le leanúnachas gnó.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Tá tús curtha leis an obair seo cheana féin. Feabhsaíodh an tsamhail phleanála scoileanna, a dtacaíonn GIS na Roinne léi, go mór le déanaí agus is tráthúil anois é sin a léiriú sa doiciméadacht ábhartha agus na nósanna imeachta agus na próisis ghaolmhara a fhoirmiú ar mhaithe leis an bhfoireann go léir.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Meitheamh 2027

Trédhearcacht anailísí na Roinne

- 16.65** Déanann an Roinn anailís mhionsonraithe mar bhonn eolais do chinntí maidir le pleanáil don éileamh scoile amach anseo ar leibhéal áitiúil. Mar sin féin, fuair an fhoireann scrúdaithe amach, ina hathbhreithniú ar shampla d'anailísí do shé LPS, nach raibh an bonn le príomhionchuir doiciméadaithe go comhsheasmhach sna hanailísí.
- 16.66** Ní dhearnadh tagairt shoiléir i ngach cás do na foinsí sonraí ar a raibh réamh-mheastacháin bunaithe, agus ní i gcónaí a tugadh fianaise ná míniú ar thoirní maidir le forbairtí tithíochta, áitíocht tithíochta agus rátaí rannpháirtíochta scoile.
- 16.67** Sainaithníodh cur chuige neamhchomhsheasmhach freisin i gcur i bhfeidhm toimhdí maidir le sonraí áitíochta tithíochta. I gcásanna áirithe, bhí toimhdí bunaithe ar rátaí áitíochta tithíochta áitiúla, agus i gcásanna eile, úsáideadh meánrátaí náisiúnta áitíochta tithíochta. In éagmais modheolaíochtaí doiciméadaithe, níorbh fhéidir leis an bhfoireann scrúdaithe a fháil amach cén fáth a nglacfaí le cuir chuige éagsúla i gcur i bhfeidhm toimhdí. Dá bharr sin, níorbh fhéidir a chinneadh cén tionchar a d'fhéadfadh cuir chuige éagsúla a imirt ar an gcinnteoireacht.

Moladh 16.3

Ba cheart don Roinn creataí caighdeánacha a bhunú do phríomhghnéithe den anailís dhéimeagrafach agus de na measúnuithe acmhainne chun cinnteoireacht agus tosaíocht tionscadal chomhsheasmhach a chinntiú. I gcás ina ndéantar imeacht ó na modheolaíochtaí sin, ba cheart an réasúnaíocht a dhoiciméadú go soiléir.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Díríodh cuid mhór den aird le blianta beaga anuas ar GIS agus ar an tsamhail dhéimeagrafach a fhorbairt, agus ar an bhfardal lárnach sonraí faoi acmhainn scoileanna a fheabhsú. Cuireann na tuarascálacha 'próifíl scoile' a forbraíodh le déanaí sonraí ar fáil i bhformáid chaighdeánaithe agus tá siad á rolladh amach chuig na foirne ábhartha laistigh d'aonad pleanála agus tógála (PBU) na Roinne i dteannta creataí cinnteoireachta nuashonraithe. Tá Grúpa Bainistíochta Acmhainne agus Píblíne PBU ag déanamh maoirseachta ar an obair seo mar chuid dá chlár leanúnach chun próisis phleanála scoileanna a fheabhsú agus cuirfidh sé an moladh seo i bhfeidhm go hiomlán.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Márta 2027.

Píblíne tionscadal tógála scoile

- 16.68** Faoi dheireadh 2025, bhí píblíne de 1,209 dtionscadal tógála scoileanna san iomlán sainaitheanta ag an Roinn. Ar leithligh, roghnaíodh 296 thionscadal eile le seachadadh trí mhodhanna tógála modúlacha. Níl an próiseas atá mar bhonn le roghnú na dtionscadal deireanach sin don tsamhail seachadta ar leith seo chomh soiléir sin.
- 16.69** Baineann thart ar 86% de thionscadail na píblíne le síneadh agus athchóiriú ar scoileanna atá ann cheana, agus baineann an chuid eile díobh (14%) le foirgnimh nua. De réir réamhshocraithe, liostaítear tionscadail phíblíne in ord a n-iontrála sa phíblíne, seachas in ord tosaíochta nó de réir na céime ag a bhfuil siad faoi láthair. Tráth obair allamuigh an scrúdaithe, ní raibh ach an cúigiú cuid de thionscadail na píblíne faoi thógáil nó ag céim an chuntais deiridh.
- 16.70** Cuireadh thart ar 42% de na tionscadail leis an bpíblíne sa tréimhse 2022 go 2025, agus cuireadh 44% eile leis idir 2018 agus 2021. Téann an tionscadal is sine sa phíblíne siar go dtí 2006. Thug an Roinn le fios go ndéantar athbhreithniú foirmiúil ar thionscadail nuair a bhogann siad ó chéim go céim agus go ndéantar monatóireacht leanúnach orthu. Thug sí dá haire freisin, áfach, nach bhfuil sé indéanta, de bharr líon na dtionscadal sa phíblíne, athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar gach tionscadal. In éagmais athbhreithnithe fhoirmiúla rialta ar phíblíne iomlán na dtionscadal, tá baol ann nach mbeidh gá le tionscadail áirithe a thuilleadh nó go mb'fhéidir gur tháinig tionscadail níos déanaí ina n-áit.

Moladh 16.4

Ba cheart don Roinn athbhreithniú foirmiúil tréimhsiúil a dhéanamh ar thionscadail sa phíblíne chun a dheimhniú go bhfuil gá leanúnach le gach tionscadal, agus béim ar leith ar thionscadail atá sa phíblíne le tréimhse

shuntasach agus/nó nár bhog ó céim go céim laistigh de thréimhse réasúnta. Ba cheart an t-athbhreithniú sin a shíniú ag leibhéal iomchuí. I gcás ina meastar nach bhfuil gá le tionscadal a thuilleadh, ba cheart an tionscadal a bhaint den phíblíne agus an réasúnaíocht lena bhaint a dhoiciméadú chun críocha conair iniúchta.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Is cuid de shainchúram Ghrúpa Bainistíochta Acmhainne agus Píblíne PBU an obair seo, grúpa atá ag tacú le cur chuige níos córasaí maidir le tosaíocht a thabhairt do thionscadail, le bainistiú na píblíne agus le formhaoirseacht ar dhul chun cinn tionscadal. Comhlánóidh na socruithe sin an próiseas athbhreithnithe geata céime atá ann cheana, atá ailínithe leis an gCreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla agus leis na Treoirlínte Bonneagair agus a fhoráileann do mheasúnú leanúnach ar an ngá atá leis an tionscadal, ar a raon feidhme, ar a thosaíocht agus ar a ullmhacht le dul ar aghaidh.

Déanfar torthaí na n-athbhreithnithe sin a dhoiciméadú agus beidh siad faoi réir formhaoirseacht agus síniú iomchuí bainistíochta. I gcás ina sainaithnítear in athbhreithniú go bhfuil athrú tagtha ar na himthosca, ar raon feidhme, ar thosaíocht nó ar chur chuige seachadta tionscadail, breithneofar é sin trí phróisis bhunaithe rialachais agus faofa tionscadal na Roinne, agus taifeadfar go cuí an réasúnaíocht le haon chinntí a dhéanfar.

Go praiticiúil, táthar ag súil gur dóichí go ndéanfar raon feidhme tionscadal a athshainiú, go ndéanfar iad a chur in ord tosaíochta arís nó go ndéanfar a socruithe seachadta a choigeartú chun freastal ar riachtanais atá ag athrú agus ar na hacmhainní atá ar fáil, seachas go gcuirfí deireadh leo ar fad.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Meitheamh 2027

Tionscadail tógála scoileanna a chur in ord tosaíochta

16.71 I mí Eanáir 2026, d'fhógair an Roinn tráinse de 105 tionscadal tógála scoileanna tosaíochta — 80 tionscadal píblíne agus 25 tionscadal modúlach — a bhfuil sé beartaithe leo beagnach 28,000 áit scoile nua agus nuachóirithe a sholáthar in 22 chontae, ar fud 86 LPS. Chuir an Roinn in iúl don fhoireann scrúdaithe go raibh beagnach gach tionscadal píblíne a bhí ag céim na tairisceana cheana féin agus roinnt tionscadal a bhí ag céim na pleanála san áireamh sa tráinse tosaíochta. Tá sí ag súil go rachaidh an 105 tionscadal ar aghaidh chuig tairiscint agus/nó tógáil le linn 2026 agus 2027.

16.72 Chuir an Roinn doiciméadacht achomair ar fáil ina leagtar amach an réasúnaíocht maidir le trí cheathrú (80) de na tionscadail tosaíochta. Go ginearálta, leagadh amach sa doiciméadacht cé acu an raibh gá leis an tionscadal ar chúis amháin nó níos mó díobh seo a leanas: aghaidh a thabhairt ar ghéarghá, saoráidí neamhleora a athsholáthar, acmhainn a chinntiú don todhchaí, soláthar oideachais feabhsaithe agus freagairt don fhás. Mar sin féin, níor léiríodh sa doiciméadacht conas a rinneadh measúnú comparáideach ar thionscadail ná conas a roghnaíodh iad ón bpíblíne fhoriomlán tionscadal.

- 16.73** Ina theannta sin, fuair an fhoireann scrúdaithe amach, ina hathbhreithniú ar mhiontuairiscí na gcruinnithe tosaíochta agus ar dhoiciméid ghaolmhara, nár léiríodh go soiléir iontu conas ná cén fáth ar tugadh tosaíocht do na tionscadail a roghnaíodh thar thionscadail iomaíocha eile. Dá bharr sin, níorbh fhéidir a chinneadh cén fáth a gcuirtear tionscadail áirithe ar aghaidh roimh thionscadail eile a bhfuil saintréithe comhchosúla acu.
- 16.74** Mhínigh an Roinn go mbíonn tionchar ag go leor tosca ar an gcaoi a gcuirtear tionscadail in ord tosaíochta. I measc na dtosca is tábhachtaí tá tosaíocht a thabhairt do thionscadail do scoileanna speisialta agus do riachtanais speisialta oideachais, agus do thionscadail atá ag feidhmiú i gcóiríocht eatramhach. Breithnítear tionscadail eile ar bhonn cás ar chás agus tugtar aird ar an éileamh déimeagrafach, ar riocht na scoile agus ar an maoiniú atá ar fáil.

Moladh 16.5

Ba cheart don Roinn fianaise ar na measúnuithe comparáideacha a dhéantar agus tionscadail á gcur in ord tosaíochta a choinneáil. Ba cheart go ndéanfaí doiciméadú soiléir leis sin ar an mbonn ar a roghnaítear tionscadal le dul ar aghaidh roimh thionscadail iomaíocha chomhchosúla.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Forbrófar agus foirmeofar tuilleadh an cur chuige maidir le tosaíocht tionscadal a dhoiciméadú don chéad tráinse eile de thionscadail a rachaidh ar aghaidh faoi phlean cur chun feidhme PFN. Cuireadh tús leis an obair seo níos luaithe i mbliana agus tá sí á bainistiú agus á maoirsiú ag Grúpa Bainistíochta Acmhainne agus Píblíne PBU.

Leag an Roinn amach a cur chuige foriomlán maidir le cur i bhfeidhm PFN ina plean infheistíochta earnála PFN 2026 go 2030, a foilsíodh i mí Eanáir 2026. Áiríodh leis sin tosaíochtaí a shainaithint, mar shampla scoileanna speisialta, foirgnimh nua do scoileanna nach bhfuil cóiríocht bhuan acu, scoileanna atá ann cheana a bhfuil riachtanais dhéimeagrafacha shuntasacha nó fadhbanna le riocht an fhoirgnimh acu, srl. Chun an chumarsáid faoi chur i bhfeidhm PFN a neartú, d'fhoilsigh an Roinn, den chéad uair, an tráinse tosaigh de thionscadail tosaíochta atá le cur i bhfeidhm le linn 2026 agus 2027.

Tá obair ullmhúcháin agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar siúl faoi láthair don chéad tráinse eile de chur i bhfeidhm PFN. Tógfaidh an chéad tráinse eile ar an obair bhunúsach a rinneadh don tráinse tosaigh agus áireofar léi freisin doiciméadú feabhsaithe ar na measúnuithe comparáideacha, ar na toimhdí agus ar na breithnithe cinnteoireachta a úsáidtear chun tosaíocht a thabhairt do thionscadail.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Márta 2027.

Iarscríbhinn 16A Achoimre ar phríomhfhoinsí sonraí a úsáidtear sa tsamhail GIS agus san anailís phleanála

Sonraí	Foinse:	Úsáidte in	Cur síos	Nótaí
Daonáireamh	An Phríomh-Oifig Staidrimh	Samhail atá bunaithe ar GIS	Soláthraíonn sé bonnlíne an daonra do réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha	Nuashonraítear é tar éis gach daonáirimh
Sochar leanaí RCS	An Roinn Coimirce Sóisialaí	Samhail GIS/pleanáil (anailís ghráinneach)	Úsáidtear é chun an t-éileamh ar scoileanna amach anseo a mheas	Meaitseáiltear taifid sochair leanaí le bunachar sonraí seoltaí Éirchóid (ECAD) trí theicnící meaitseála 'doiléire' a úsáid toisc nach bhfuil Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) sna sonraí ^a
Bunachar sonraí seoltaí Éirchóid (ECAD)	Éirchód	Samhail GIS/pleanáil (anailís ghráinneach)	Bunachar sonraí seoltaí geografacha a úsáidtear le linn sonraí sochair leanaí a mheaitseáil	Tacaíonn sé le taifid a leithdháileadh ar limistéir pleanála scoile (LPS)
Bunachar sonraí ar líne na mbunscoileanna (POD)	An Roinn Oideachais agus Óige	Samhail GIS/pleanáil (anailís ghráinneach)	Bunachar sonraí rollaithe na mbunscoileanna	Tacar sonraí riaracháin a choinníonn an Roinn
Bunachar sonraí ar líne na n-iar-bhunscoileanna (PPOD)	An Roinn Oideachais agus Óige	Samhail GIS/pleanáil (anailís ghráinneach)	Bunachar sonraí rollaithe na n-iar-bhunscoileanna	Tacar sonraí riaracháin a choinníonn an Roinn
Fardal acmhainne	An Roinn Oideachais agus Óige	Pleanáil (anailís ghráinneach)	Cóiríocht scoile atá ann cheana	Déantar ríomhanna acmhainne ar leithligh ón tsamhaltú déimeagrafach
Faisnéis faoi phróifíilí scoile	Scoileanna	Pleanáil (anailís ghráinneach)	Saintréithe scoile, lena n-áirítear pátrúnacht, acmhainn féintuairiscithe agus próifíilí cóiríochta	Breithnítear iad nuair is ábhartha don phleanáil i gcomhair cinntí faoi éileamh scoile
Faisnéis faoi riocht scoileanna	An Roinn Oideachais agus Óige	Pleanáil (anailís ghráinneach)	Riocht foirgnimh agus riachtanais chóiríochta	Breithnítear iad ar bhonn tionscadal ar thionscadal
Tithíocht	An Phríomh-Oifig Staidrimh; Tascfhórsa Soláthair Tithíochta Bhaile Átha Cliath; agus údaráis áitiúla	Pleanáil (anailís ghráinneach)	Tithe a críochnaíodh faoi láthair agus forbairtí atá beartaithe	Sonraí POS ar fud na tíre; sonraí an Tascfhórsa Soláthair Tithíochta do Bhaile Átha Cliath; fás amach anseo bunaithe ar rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla
Toimhdí daonra agus pleanála	An Phríomh-Oifig Staidrimh; an Roinn Oideachais agus Óige	Samhail GIS/pleanáil (anailís ghráinneach)	Toimhdí a úsáidtear chun an t-éileamh amach anseo a réamh-mheas	Áirítear leo torthúlacht, imirce, daltaí a dhéanann bliain arís, aistrithe chuig scoileanna príobháideacha, an scoilt idir príomhshruth agus RSO agus toimhdí pleanála eile

Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is teicníc é meaitseáil dhoiléir a úsáidtear chun seoltaí a mheaitseáil le taifid in éagmais aitheantóirí eile (amhail UPSPanna nó Éirchóid).

Iarscríbhinn 16B Tionscadail phíblíne de réir contae, de réir cineál tionscadail, ag deireadh mhí na Nollag 2025

	Líon na LPSanna	Bunscoil		Iar-bhunscoil		Iomlán na dtionscadal píblíne in aghaidh an chontae	Iomlán na dtionscadal modúlach in aghaidh an chontae ^a
		Síneadh agus/nó athchóiriú	Foirgneamh scoile nua	Síneadh agus/nó athchóiriú	Foirgneamh scoile nua		
Ceatharlach	5	6	1	11	—	18	5
An Cabhán	7	8	—	14	—	22	2
An Clár	12	8	1	16	5	30	7
Corcaigh	37	52	5	87	11	155	31
Dún na nGall	15	14	2	22	3	41	7
Baile Átha Cliath	42	51	21	102	36	210	63
Gaillimh	21	28	3	33	10	74	18
Ciarraí	13	19	—	32	3	54	18
Cill Dara	17	12	6	25	6	49	13
Cill Chainnigh	7	7	2	10	—	19	6
Laois	7	5	2	11	—	18	13
Liatroim	6	5	—	13	1	19	4
Luimneach	11	7	3	39	1	50	10
An Longfort	5	9	—	12	1	22	1
Lú	5	7	—	16	2	25	6
Maigh Eo	18	19	1	40	4	64	14
An Mhí	9	14	6	35	5	60	8
Muineachán	5	8	—	14	1	23	4
Uíbh Fhailí	7	6	2	15	—	23	4
Ros Comáin	10	8	—	15	1	24	7
Sligeach	9	10	—	14	1	25	8
Tiobraid Árann	16	18	1	29	—	48	10
Port Láirge	6	7	2	17	—	26	9

	Líon na LPSanna	Bunscoil		Iar-bhunscoil		Iomlán na dtionscadal píblíne in aghaidh an chontae	Iomlán na dtionscadal modúlach in aghaidh an chontae ^a
		Síneadh agus/nó athchóiriú	Foirgneamh scoile nua	Síneadh agus/nó athchóiriú	Foirgneamh scoile nua		
An Iarmhí	7	10	1	13	—	24	13
Loch Garman	9	16	3	21	2	42	8
Cill Mhantáin	8	10	7	22	5	44	7
Iomlán	314	364	69	678	98	1,209	296

Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear leis seo bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon.